Cánachas ar Mhaoin Eachtrach le haghaidh bronntanais nó oidhreachtaí a fuarthas ar an 01/12/1999 nó dá éis

Áit chónaithe nó gnátháit chónaithe an diúscróra	Áit chónaithe nó gnátháit chónaithe an tairbhí	Sainchónaí an diúscróra	Sainchónaí an tairbhí	Dliteanas CFC roimh 1/12/2004	Dliteanas CFC tar éis 1/12/2004
Éire	Éire	Éire	Éire	Faoi dhliteanas	Faoi dhliteanas
Éire	Éire	*Eachtrach	Éire	Faoi dhliteanas	Faoi dhliteanas
Éire	Éire	Éire	*Eachtrach	Faoi dhliteanas	Faoi dhliteanas
Eachtrach	Éire	Eachtrach	Éire	Dliteanas	Faoi dhliteanas
Éire	Eachtrach	Éire	Éire	Dliteanas	Faoi dhliteanas
Eachtrach	Eachtrach	Éire	Éire	Gan Dliteanas	Gan Dliteanas
Éire	Éire	*Eachtrach	*Eachtrach	Gan Dliteanas	Faoi dhliteanas
Éire	Eachtrach	Éire	Eachtrach	Faoi dhliteanas	Faoi dhliteanas
Eachtrach	Eachtrach	Eachtrach	Éire	Gan Dliteanas	Gan Dliteanas
Eachtrach	Eachtrach	Eachtrach	Eachtrach	Gan Dliteanas	Gan Dliteanas
Éire	Eachtrach	*Eachtrach	Eachtrach	Gan Dliteanas	Faoi dhliteanas
Éire	Eachtrach	*Eachtrach	Éire	Gan Dliteanas	Faoi dhliteanas
Eachtrach	Éire	Éire	Éire	Faoi dhliteanas	Faoi dhliteanas
Eachtrach	Eachtrach	Éire	Eachtrach	Gan Dliteanas	Gan Dliteanas
Eachtrach	Éire	Eachtrach	*Eachtrach	Gan Dliteanas	Faoi dhliteanas
Eachtrach	Éire	Éire	*Eachtrach	Gan Dliteanas	Faoi dhliteanas

Sa chás go dtógtar bronntanas / oidhreacht faoi dhiúscairt a dhéantar ar 1 Nollaig 1999 nó dá éis, tá an mhaoin uile inmhuirir sna cásanna seo: -

- Tá cónaí nó gnáthchónaí ar an diúscróir sa Stát ar dháta na diúscartha nó
- Tá cónaí nó gnáthchónaí ar an tairbhí sa Stát ar dháta an bhronntanais/na hoidhreachta.

*Déileáiltear le duine (an diúscróir nó tairbhí) nach bhfuil sainchónaí air sa Stát ar dháta áirithe mar dhuine nach bhfuil cónaí air agus nach bhfuil gnáthchónaí air sa Stát ar an dáta sin mura rud é:

- (a) tarlaíonn an dáta sin an 1 Nollaig 2004 nó dá éis,
- (b) go bhfuil an duine sin ina chónaí sa Stát ar feadh na 5 bliana measúnachta as a chéile díreach roimh an mbliain mheasúnachta ina dtagann an dáta sin, agus
- (c) go bhfuil cónaí nó gnáthchónaí ar an duine sin sa Stát ar an dáta sin.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

